Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14054/25**

| | |
|---|---|
| **COPS 498** | **CLIMA 439** |
| **POLMIL 308** | **CYBER 273** |
| **CIVCOM 254** | **COTER 167** |
| **EUMC 365** | **CONOP 63** |
| **CONUN 163** | **COARM 166** |
| **COAFR 273** | **CSC 517** |
| **COEST 753** | **CFSP/PESC 1475** |
| **MAMA 244** | **CSDP/PSDC 612** |
| **MOG 122** | |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13532/25 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach AE-NA um an tSíocháin agus an tSlándáil a uasghrádú: Tosaíochtaí Comhpháirteacha 2025-2028 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach AE-NA um an tSíocháin agus an tSlándáil a uasghrádú: Tosaíochtaí Comhpháirteacha 2025-2028.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach AE-NA um an tSíocháin agus an tSlándáil a uasghrádú: Tosaíochtaí Comhpháirteacha 2025-2028**

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas buanseasmhach an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát cloí leis an ord idirnáisiúnta iltaobhach riailbhunaithe, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a géarcháineadh ar gach sárú ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus cearta an duine. I ndáil leis an méid sin, cáineann an Chomhairle go neamhbhalbh arís cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí i gcónaí le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Iarrann an Chomhairle go mbeadh sos cogaidh láithreach bonn ann in Gaza agus go scaoilfí saor gan choinníoll na gialla ar fad, le go mbeifear in ann deireadh buan a chur leis an gcogaíocht; is saoth léi an drochstaid dhaonnúil in Gaza; agus tá sí tiomanta i gcónaí do shíocháin bhuan mharthanach a bheadh bunaithe ar réiteach an dá Stát.

2. Sa timpeallacht slándála dhomhanda atá ag dul in olcas, timpeallacht ina bhfuil coinbhleachtaí, bagairtí hibrideacha, bréagaisnéis agus éagobhsaíocht de dheasca an athraithe aeráide, leagann an Chomhairle béim ar a ábhartha atá Comhpháirtíocht Straitéiseach athnuaite neartaithe idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas um an tSíocháin agus an tSlándáil mar bhunchloch den iltaobhachas éifeachtach agus de ról an Aontais mar ghníomhaí inchreidte domhanda síochána agus slándála. Ba cheart an chomhpháirtíocht sin a stiúradh le luachanna comhroinnte, muinín fhrithpháirteach, agus tiomantas do ghníomhaíocht chomhordaithe mar fhreagairt ar dhúshláin dhomhanda atá ag teacht chun cinn.

3. Tacaíonn an Chomhairle le Clár Oibre Nua na Náisiún Aontaithe um an tSíocháin agus leis an tionscnamh Gníomhaíochta le haghaidh na Síochánaíochta +, agus molann sí go gcuirfí an Comhshocrú don Todhchaí chun feidhme, lena leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé comhar níos doimhne a bheith ann idir na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí réigiúnacha maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil. Tá na treoshuíomhanna domhanda sin ailínithe go dlúth le Compás Straitéiseach an Aontais um Shlándáil agus Cosaint, leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le rannchuidiú an Aontais leis an iltaobhachas riailbhunaithe a neartú, agus tá siad ag teacht leis na conclúidí maidir le tosaíochtaí an Aontais a d'eisigh an Chomhairle ina dhiaidh sin ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Molann an Chomhairle Aireacht Síochánaíochta na Náisiún Aontaithe 2025 i mBeirlín, áit ar athdhearbhaigh 134 thír a dtiomantas do shíochánaíocht na Náisiún Aontaithe agus a ngeall siad a dtacaíocht leanúnach le cumais nithiúla. Tá sé cruthaithe gurb í Síochánaíocht na Náisiún Aontaithe bunchloch na freagartha idirnáisiúnta ar ghéarchéimeanna agus is siombail láidir í i gcónaí do chomhroinnt ualaigh dhomhanda.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí le Tosaíochtaí Comhpháirteacha an Aontais agus na Náisiún Aontaithe maidir leis an tSíocháin agus an tSlándáil don tréimhse 2025-2028, arna gcomhaontú ag an Aontas Eorpach agus Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe, mar chreat réamhbhreathnaitheach lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna na coinbhleachta, lena gcloítear leis an dlí idirnáisiúnta, agus lena dtreisítear ról an Aontais mar chomhpháirtí iltaobhach iontaofa réamhghníomhach.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle gur bunaíodh Coiste Straitéiseach AE-NA um an tSíocháin agus an tSlándáil mar fhóram chun pleanáil straitéiseach a stiúradh, agus sásra comhordaithe foirne spriocdhírithe. Tiocfaidh an coiste le chéile go rialta agus tuairisceoidh sé don Choiste Straitéiseach. Cuirfear an Chomhairle ar an eolas ar bhealach iomlán trédhearcach maidir le huasghráduithe rialta ar chomhpháirtíochtaí síochána, slándála agus cosanta. Leagann sí béim ar an gcomhar treisithe lena n-imscartar misin agus oibríochtaí CBSC agus oibríochtaí síochána na Náisiún Aontaithe ag an am céanna. Sna cásanna sin, cuirfidh an tAontas comhar, comhordú, comhlántacht agus comhroinnt faisnéise chun cinn i gcás inarb iomchuí, agus díreoidh sé ar shainorduithe a bhaineann leis an méid sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear mná, an tsíocháin agus an tslándáil, sibhialtaigh a chosaint, cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, tacú lena mbeartais díchill chuí faoi seach maidir le cearta an duine, chomh maith le coinbhleacht a chosc agus réitigh idirghabhála ar choinbhleachtaí a chur chun cinn, an smacht reachta agus tacaíocht earnáil na slándála a chosaint agus a chur chun cinn. I ndlúthchomhar le cill straitéiseach na Náisiún Aontaithe um neartú fórsa agus pleanáil cumais, fiosróidh an tAontas conas tacú le hoibríochtaí síochána na Náisiún Aontaithe agus vice versa.

6. Molann an Chomhairle freisin an comhar leis na Náisiúin Aontaithe agus leis an Aontas Afracach (AA), i gcur i bhfeidhm rún 2719 (2023) ón gComhairle Slándála, lenar bunaíodh creat chun oibríochtaí tacaíochta síochána faoi stiúir an Aontais Afracaigh arna n-údarú ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a mhaoiniú trí ranníocaíochtaí arna measúnú ag na Náisiúin Aontaithe ar bhonn cás ar chás. Mar aon leis an tacaíocht a thugann sé don Aontas Afracach i gcoitinne, cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil sé sásta féachaint ar bhealaí chun leanúint de thacaíocht a thabhairt d’eagraíochtaí foréigiúnacha, do na Comhphobail Eacnamaíocha Réigiúnacha (RECanna) go háirithe, agus iad ag iarraidh síocháin agus slándáil a chothú ina réigiúin féin. Leagann an tAontas béim freisin ar ról ríthábhachtach na n-ionstraimí cothaithe síochána comhlántacha sa tsíocháin a choinneáil ar bun, agus an idirphlé thríthaobhaigh ardleibhéil bhliantúil idir an tAontas Afracach, an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe, mar bhealach chun réimsí breise comhair thríthaobhaigh a shainaithint. Thairis sin, is díol sásaimh don Aontas an Séú Cruinniú Tríthaobhach idir an tAontas Eorpach, an tAontas Afracach agus na Náisiúin Aontaithe a bhí ar siúl an 21 Meán Fómhair 2025.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuiltear ag leanúint den idirphlé straitéiseach bliantúil idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir le coinbhleachtaí a chosc, cobhsú agus idirghabháil síochána. Molann sí fócas an idirphlé sin ar phríomhréimsí ar nós luathrabhaidh agus luathghníomhaíochta chun an tsíocháin a chaomhnú agus coinbhleachtaí a chosc, úsáid straitéiseach sonraí agus anailís inscne-fhreagrúil ar choinbhleachtaí, na tacaíochta do straitéisí náisiúnta coisctheacha, mar aon le tiomantas láidir polaitiúil agus airgeadais do choinbhleachtaí a chosc agus cláir oibre ghaolmhara, agus malartú eolais agus ceachtanna a foghlaimíodh bunaithe ar idirghabháil síochána agus ar idirphlé cuimsitheach. Tá an tAontas i bhfabhar comhar feabhsaithe leis na Náisiúin Aontaithe maidir le hiarrachtaí cothaithe síochána, uirlisí agus modheolaíochtaí chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le foréigean toghchánach agus chun na gníomhaíochtaí coisctheacha is oiriúnaí agus is mó tionchar a chinneadh, chomh maith le rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na hóige i bpróisis síochána agus rannpháirtíocht idirghabhálaithe ban a neartú. Thairis sin, ba mhian leis go mbeadh rannpháirteachas níos láidre ann idir Ionadaithe Speisialta agus Toscairí Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe agus Ionadaithe Speisialta an Aontais, Toscairí Speisialta agus Cinn Toscaireachta an Aontais, agus tríd an malartú neamhfhoirmiúil bliantúil idir PSC an Aontais agus Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chomh maith le comhar feabhsaithe le hOifig Idirchaidrimh na Náisiún Aontaithe um Shíocháin agus um Shlándáil (UNLOPS) sa Bhruiséil.

8. Aithníonn an Chomhairle an tairbhe a bhaineann le comhar níos doimhne in athchóiriú na hearnála slándála, dí-armáil, díshlógadh agus athimeascadh, athchóiriú ceartais agus ceartúchán, agus bainistiú arm agus armlóin. Is díol sásaimh di na hiarrachtaí chun comhar idir SEGS agus Oifig na nInstitiúidí Smachta Reachta agus Slándála i Roinn Oibríochtaí Síochána na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear malartuithe rialta agus pleanáil oibríochtúil i dtíortha tosaíochta. Molann sí go bhforbrófaí clársceidealú comhpháirteach agus malartuithe rialta idir saineolaithe ar théamaí éagsúla, agus aird ar leith á tabhairt ar fhreagrúlacht ó thaobh inscne de agus ar fhrithéilliú.

9. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil gá, i suíomhanna aistrithe agus iarchoinbhleachta, le straitéisí comhleanúnacha scoir agus le rannpháirtíocht leanúnach chun gnóthachain síochána a chaomhnú agus tacaíonn sí le pleanáil chomhpháirteach agus cúnamh leantach saincheaptha chun leanúnachas polaitiúil, institiúideach agus slándála a áirithiú. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil na hiarrachtaí sin ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Chothú na Síochána.

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an clár oibre maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil, an clár oibre maidir leis an óige, an tsíocháin agus an tslándáil, agus an clár oibre maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha. Iarrann sí go mbeadh príomhshruthú inscne agus saineolas ann agus go gcuirfí chun feidhme gealltanais an chláir oibre maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil agus an chláir oibre maidir leis an óige, an tsíocháin agus an tslándáil, lena n-áirítear i dtaca le misin agus oibríochtaí a phleanáil, a sheoladh, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, agus rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na hóige. Leagann sí béim freisin ar an ngá atá ann ról gníomhach a thabhairt don óige – gan aon idirdhealú – sna hiarrachtaí chun síocháin mharthanach a chothú. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le cothaitheoirí ban agus cothaitheoirí óga na síochána agus iad a chosaint, in éineacht le cosantóirí chearta an duine. Ar aon dul leis an doiciméad dar teideal *Common Pledge for Women's Full, Equal and Meaningful Participation in Peace Processes* [Gealltanas Coiteann maidir le Rannpháirtíocht Iomlán, Chomhionann agus Fhóinteach na mBan] ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, a shínigh an tAontas, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá tacaíocht níos fearr a thabhairt do rannpháirtíocht chomhleanúnach idirghabhálaithe ban i bpróisis síochána agus pholaitiúla. Molann an Chomhairle freisin oiliúint chomhpháirteach a chur ar fáil, acmhainneacht thiomnaithe a chur in úsáid agus sásraí a fheabhsú chun coireanna gnéasacha agus coireanna inscnebhunaithe a chosc, as líne agus ar líne, chomh maith le foréigean gnéasach agus sáruithe gnéasacha a bhaineann le coinbhleacht a chosc, lena n-áirítear i gcoinne leanaí, cuntasacht a chur ar fáil, agus aghaidh a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag na coireanna sin ar íospartaigh agus ar an tsochaí.

11. Is díol sásaimh don Chomhairle an rannpháirtíocht mhéadaithe maidir leis an aeráid, an tsíocháin agus an tslándáil. Aithníonn sí go hiomlán na dúshláin oibríochtúla a bhaineann le luas an athraithe aeráide agus le díghrádú an chomhshaoil i dtimpeallachtaí misean agus oibríochtaí a bhaineann leis an gcomhshaol agus tacaíonn sí leis an gcomhar idir comhairleoirí comhshaoil CBSC an Aontais agus Sásra Slándála Aeráide na Náisiún Aontaithe. Cuireann sí in iúl gur cúis mhór imní di an díobháil a dhéanann coinbhleachtaí armtha ar an aeráid agus ar an gcomhshaol agus go bhfuil méadú ar an éagobhsaíocht agus ar an gcoinbhleacht mar thoradh ar an athrú aeráide agus ar dhíghrádú an chomhshaoil. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé measúnuithe aeráide, síochána agus slándála a chomhtháthú in anailísí ar choinbhleacht agus i gcur chun cinn na foghlama idir piaraí agus an fhothaithe acmhainneachta maidir le pleanáil misean a fhreagraíonn don aeráid, agus molann sí tuilleadh comhair idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe i ndáil leis an méid sin.

12. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le comhar feabhsaithe idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir leis an nuálaíocht dhigiteach, anailís shonraíbhunaithe, agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an intleacht shaorga. Tacaíonn sé le forbairt chomhpháirteach modheolaíochtaí, fothú acmhainneachta agus cur chuige eolaíochta iompraíochta, agus béim á leagan ag an am céanna ar a thábhachtaí atá sé caighdeáin eiticiúla agus dhlíthiúla a fhorbairt a thuilleadh chun teicneolaíochtaí nua a rialú. Leagann an Chomhairle béim ar na rioscaí a bhaineann leis an mífhaisnéis, leis an mbréagaisnéis, leis an bhfuathchaint agus le cibearghníomhaíochtaí mailíseacha, agus aithníonn sí gur cheart an comhar idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir leis an nuálaíocht theicneolaíoch a dhíriú ar an tsíocháin agus ar an tslándáil, chun tacú le hidirghabháil agus le coinbhleachtaí a chosc, agus i gcomhréir le prionsabail dhaonnúla agus leis an dlí idirnáisiúnta.

13. Tacaíonn an Chomhairle le hidirphlé feabhsaithe maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus maidir leis an antoisceachas foréigneach a chomhrac agus a chosc, lena n-áirítear tríd an Idirphlé bliantúil idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe i dtaca leis an bhFrithsceimhlitheoireacht. Spreagann sé cur chuige uile-shochaí inscne-fhreagrúil atá bunaithe ar an smacht reachta i leith na frithsceimhlitheoireachta, agus tacaíonn sé le fothú acmhainneachta comhordaithe, lena gcuirtear i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear tríd an gcoireacht eagraithe. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé tacaíocht agus rannpháirtíocht a thabhairt d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle go mbeadh comhar feabhsaithe ann maidir le comhordú míleata sibhialta, prótacail i ndáil le comhroinnt faisnéise agus comhpháirtíochtaí slándála réigiúnacha. Is díol sásaimh don Chomhairle an dlúthchomhar idir SEGS agus eagraíochtaí éagsúla de chuid na Náisiún Aontaithe, go háirithe UNODC, faoi chuimsiú an Fhóraim Frithsceimhlitheoireachta Dhomhanda.

14. Leagann an Chomhairle béim ar a luachmhaire atá sé an comhar idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir le neamhleathadh, dí-armáil agus rialú arm a neartú chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta agus an smacht reachta a neartú, chun fulaingt an duine a laghdú agus chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí a bhaineann le leathadh armán ollscriosta agus le trádáil aindleathach gnáth-armán, lena n-áirítear mionairm agus airm éadroma. Leanfaidh an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear tríd an struchtúr atá ann cheana de chonarthaí agus socruithe idirnáisiúnta eile a threisiú agus a chur chun feidhme, de réir mar is iomchuí, agus trí acmhainneacht nithiúil a fhothú i réimsí ábhartha.

15. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a luachmhaire atá sé tionscnaimh chomhpháirteacha oiliúna atá dírithe go straitéiseach a chruthú, saineolaithe sibhialta agus míleata a úsáid, agus comhpháirtíochtaí a institiúidiú a thuilleadh idir an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint, lena n-áirítear a Chomhpháirtithe Líonra Comhlacha, agus comhlachtaí oiliúna ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe, agus iarrann sí ar na Ballstáit rannchuidiú le cumais chomhroinnte a neartú.

16. Ar deireadh, aithníonn an Chomhairle an Chomhpháirtíocht Straitéiseach uasghrádaithe idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir leis an tSíocháin agus an tSlándáil mar thionscnamh suaitheanta den iltaobhachas prionsabálta atá dírithe ar thorthaí, agus lena dtreisítear ról an Aontais mar chumasóir síochána, mar sholáthraí slándála agus mar ghníomhaí cosanta, agus tá sí ag tnúth le cur chun feidhme iomlán na dtosaíochtaí comhpháirteacha do 2025-2028.